**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach**
**@ 6.00i.n.**



**Oilithreacht na Deoise go Lourdes**
**29 Meitheamh 2026**

Féach **Clár na bhFógraí.**
Óstán €995 pps.
Airithintí/Eolas: Joe Walsh Tours,
Fón:01-2410800

**Foirmeacha ar fáil Oifig an Pharóiste**

## RNLI

Beidh bailiúchán ar mhaithe leis an RNLI taobh amuigh de gheataí na Séipéil ar an deireadh seachtaine
**27ú 28ú Meitheamh**

***Míle buíochas as bhur dtacaíocht***

## Biseach 2026

Beidh Biseach, irisleabhar Chumann Forbartha Chois Fharraige, á fhoilsiú arís i mbliana.

Má tá suim agatsa píosa a scríobh do Bhiseach na bliana seo, ba bhreá linn cloisteáil uait!

Má phós tú i 2025 nó má tá sé de rún agat pósadh i mbliana agus gur mhaith leat go mbeadh do phictiúr bainise san iris, seol
chugainn iad!

Beidh fáilte mhór freisin roimh sheanphictiúirí.

Ba mhaith linn cloisteáil freisin ó dhaoine a raibh páistí acu i mbliana nó anuraidh le freagra na ceiste seo:
Cén cineál Cois Fharraige ar mhaith leat a fheiceáil do do pháiste?

Féadfaidh do fhreagra a bheith chomh fada nó chomh gearr agus is maith leat agus ba bhreá linn pictiúr de do pháistín freisin!

Bí i dteagmháil linn ag:
**biseach2026@gmail.com**



# PARÓISTE AN SPIDÉIL

**AN tAONÚ DOMHNACH DÉAG SAOR -- *BLIAIN A***

13ú/14ú Meitheamh 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745
***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

### ⌖ *Cill Éinde, An Spidéal*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 14ú | 11.00r.n. | Mary Feeney **Céad Cuimhneacháin** & fear céile John Enda *Spidéal*<br>Eimear Clancy *Sidheán/Maynolty*<br>Willie Ó Cualáin, a bhean Mary & bean a mhic Noirín & muintir na beirte. Bóthar na hAbhann<br><br>Martin Patten **6ú Cuimhneachán** *Bothúna*<br>Coilín Ó Fátharta **5ú Cuimhneachán** *Doire Lochán Thiar*<br>Micheál O'Connell *Bothúna* |
| Dé Céadaoin | 17ú | 10.00r.n. | Mairéad & Peadar Ó Conchubhair *Leitir Meas* |
| Déardaoin | 18ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* |
| Dé hAoine | 19ú | 10.00r.n. | Owen, Martin & Matt Harte *Sligeach* |
| Dé Domhnaigh | 21ú | 11:00r.n. | Brian Spring **Céad** Cuimhneacháin *Baile an Domhalláin*<br>Tomás Ó Neachtain **2ú Cuimhneachán** & a thuismitheoirí Tomás & Siobhán Uí Neachtain *Baile an tSagairt*<br>Stiofán Ó Curraidhín, a bhean Máire, mac Tomás, iníon Bríd agus a dheirfiúir Siobhan & muintir ar fad *Seanamhoinín/Ceathrú Rua*<br>Seán Ó Cualáin & a bhean Mary *Bothúna/Norwood* |

### ⌖ *Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Sathairn | 13ú | 6.30i.n.. | |
| Dé Sathairn | 20ú | 6:30i.n. | Mary Connolly Kelly, mac Roddie agus Tiernan Archer *Na Doireadh* |

### ⌖ *Cill Mhuire, Na Minna*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 14ú | 9:30am | Pádraig Ó Tuathail **Aifreann Cinn Míosa** *Béal an Átha* |
| Dé Domhnaigh | 21ú | 9:30am | Bídeen Uí Mháile as na Minna a fuair bás le gairid i gCailfornia. |

**Loinneog don Iontróid** *Salm 26:7, 9*
A Thiarna, éist le mo ghuth nuair a ghlaoim ort, cabhraigh liom, ná tréig mé, is tú mo chúnamh, a Dhia, ná ruaig mé.

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Dhia, is tú taca na ndaoine a chuireann a muinín asat; Gan tú, níl ár nádúr lag in ann tada a dhéanamh; éist go ceansa lenár n-urnaí, dá bhrí sin, agus tabhair dúinn do ghrásta le d'aitheanta a chomhlíonadh, agus do riar a dhéanamh, le toil agus le gníomh. Sin í ár nguibhe chugat trí Chríost ár dTiarna, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa agus leis an Spiorad Naomh le saol na saol. **Áiméan.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht** *Sliocht as Leabhar Exodus - 19:2-6*

D'fhág clann Iisráél Refídím agus nuair a shroich siad fásach Sínai, chuaigh Maois suas chun Dé agus ghlaoigh an Tiarna air ón sliabh á rá: "Abair é seo le teaghlach Iacóib agus fógair é do chlann Isráél: "Chonaic sibh féin a ndearna mé leis na hÉigiptigh, agus mar thóg mé liom ar sciatháin iolair sibh agus a thug mé chugam féin sibh. Dá bhrí sin, má dhéananann sibh mo chomhairle agus cloí le mo chonradh, beidh sibhse thar na ciníocha go léir i mo sheilbh ar leith, mar is liomsa an domhan ar fad. Beidh sibh agamsa in bhur ríocht sagart, in bhur náisiún coisricthe."
**Sin é Briathar Dé. Freagra:** *Buíochas le Dia*

**Salm le Freagra** *Salm 99*
**Freagra:** *Muide a phobal agus caoirigh a pháirce.*

1. Tugaigí seirbhís don Tiarna,
   go lúcháireach.
   Tagaigí ina láthair,
   le hamhráin áthais. ***Fr***

2. Bíodh a fhios agaibh,
   gurb é an Tiarna is Dia ann.
   Eisean a rinne muid, is leis féin muid;
   muide a phobal agus caoirigh a pháirce. ***Fr***

3. Á, nach maith é go deimhin an Tiarna,
   tá a thrócaire grámhar buan!
   Tá sé dílis,
   ó ghlúin go glúin. ***Fr***

**An Dara Léacht** *Sliocht as Litir N. Pól chuig na Rómhánaigh -- 5:6-11*
A bhráithre, nuair a bhí muid fós lag fuair Críost bás ag an am feiliúnach ar son drochdhaoine. Is ar éigin a gheobhadh fear bás ar son duine chóir -- "sea, b'fhéidir nár mhiste leis bás a fháil ar son dea-dhuine. Ach cruthaíonn Dia an grá atá aige dúinn, mar go bhfuair Críost bás ar ár son agus muid fós inár bpeacaigh. Ó rinne sé muid a fhíréanú lena chuid fola an dóigh go dteipfeadh air muid a shaoradh anois ó fhearg Dé? Agus má rinneadh athmhuintearas idir muid agus Dia, trí bhás a Mhic, agus muid inár naimhde dó nach mó go mór is dóigh anois, agus an t-athmhuintearas déanta, go saorfar muid trína bheatha? Agus ní hé amháin sin, ach tá muid lán le muinín as Dia trínár dTiarna Íosa Críost, an té a ghnóthaigh an t-athmhuintearas sin dúinn."
**Sin é Briathar Dé. Freagra:** *Buíochas le Dia*

**Alleluia** *Eo 8:12*
Alleluia, alleluia! "Is mise solas an tsaoil," a deir an Tiarna. "An té a leanfaidh mise, beidh solas na beatha aige." Alleluia!

**An Soiscéal** *Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Maitiú -- 9:36--10:8*
San am sin, nuair a chonaic Íosa na sluaite, ghlac sé trua dóibh, mar go raibh siad ina luí go tréith mar bheadh caoirigh gan aoire. Ansin dúirt sé lena dheisceabail: "Tá an fómhar fairsing ach níl ann ach meitheal bheag. Dá bhrí sin, guibhigí máistir an fhómhair go gcuirfeadh sé meitheal uaidh isteach ina fhómhar." Ghlaoigh sé chuige a dháréag deisceabal, agus thug sé údarás dóibh ar na spioraid mhíghlana le go gcaithfidís amach iad, agus go leigheasfaidís chuile ghalar agus chuile thinneas. Seo iad ainmneacha an dá aspal déag: Síomón ar dtús, ar a dtugtar Peadar, agus Aindriú, a dheartháir, Séamas mac Zeibeidé agus Eoin, a dheartháir, Pilib agus Parthalán, Tomás agus Maitiú poibleacánach, Séamas mac Ailféas agus Tadáias, Síomón Díograiseach agus Iúdás Isceiriót, an fear a bhraith é. Chuir Íosa uaidh an dáréag sin leis na horduithe seo leanas: "Ná téigí an bóthar chuig na Gintlithe agus ná téigí isteach i gcathair Shamáireach ar bith; ach téigí faoi dhéin chaoirigh chaillte chlann Isráél. Agus bígí á fhógairt ar an mbealach go bhfuil ríocht Dé buailte linn. Leigheasaigí lucht tinnis, tógaigí na mairbh, glanaigí na lobhair, caithigí amach na diabhail. In aisce a fuair sibh, tugaigí uaibh in aisce."
**Sin é Soiscéal Dé.**
**Freagra:** *Moladh leis an Tiarna Íosa Críost*

***An Cré***
***Creidim in aon Dia amháin,***
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, *aspalda.***
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

**Os cionn na nOfrálacha**
Is bia anama agus coirp an t-arán agus an fíon seo. Go ndéana an tAifreann muid a athnuachan idir chorp agus anam. Sin í ár nguibhe chugat trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

**Loinneog don Chomaoineach** *Salm 26:4*
Aon ní amháin a iarraim ar an Tiarna, éilím é seo: a bheith i mo chónaí i dTeach an Tiarna fhad is a bheidh mé beo.

**Iarchomaoineach**
An Chomaoineach siúd a ghlac muid, cuireann sí in iúl a n-aontacht siúd a chreideann ionatsa; go gcuire sí aontacht i gcion freisin san Eaglais. Sin í ár nguibhe chugat trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.mórchuid peacaí maite di,mórm
**Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***
Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh,
Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia. **Buíochas le Dia, Allelui**